Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7939/18**

**FIN 306**
**AGRI 167**
**FORETS 12**
**DEVGEN 45**
**ENV 222**
**RELEX 314**
**UD 83**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Aibreán 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7469/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE in oirchill rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Tríú Seisiún Déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 13)<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle mar a ghlac an Chomhairle iad an 16 Aibreán 2018, in oirchill rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Tríú Seisiún Déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 13).

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Tríú Seisiún Déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF13)

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

1. AG MEABHRÚ DI na conclúidí uaithi dar dáta 25 Aibreán 2017 maidir le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí (UNSPF) agus ag féachaint di do rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit sa Dara Seisiún Déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF12), a tionóladh ón 1-5 Bealtaine 2017 i gceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, i Nua-Eabhrac, mar aon le conclúidí eile uaithi a glacadh roimhe seo ag féachaint di do rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit i seisiúin eile de chuid na Náisiún Aontaithe, a bhí ar bun roimhe seo, i ndáil le Foraoisí;

2. AG MEABHRÚ DI na conclúidí uaithi ón 20 Meitheamh 2017 maidir le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: 'Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', agus na conclúidí ón 4 Nollaig 2008 maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta;

3. AG AITHINT DI gur de dhlúth agus d'inneach na beatha seo foraoisí na cruinne agus go mbíonn ról gan diongbháil acu féin gona mbainistiú inbhuanaithe agus dúshláin reatha na cruinne á gcomhrac againn, amhail caillteanas na bithéagsúlachta, díghrádú na talún, an t-athrú aeráide, agus sásamh ár gcuid gealltanas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aeráid, le cúrsaí fuinnimh, agus leis an mbithéagsúlacht. Ina theannta sin, is iad a chuireann cuid mhór seirbhísí éiceachórais ar fáil, a fheabhsaíonn an caighdeán maireachtála, a thugann sochair iomadúla don chomhshaol, don tsochaí agus don gheilleagar, amhail feabhsú na slándála bia, infhaighteacht an uisce, agus cosaint lonnaíochtaí daonna;

4. Á THABHAIRT FAOI DEARA DI, go bhfuil an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise fós ar bun ar luas rábach – in ainneoin ar baineadh amach le blianta anuas – agus go bhfuil forleathnú na talún talmhaíochta ina shiocair le suas le 80 % den chaillteanas domhanda foraoise, de réir meastacháin atá déanta ag FAO;

5. IS MÓR AICI na tionscnaimh éagsúla, ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach, darb aidhm an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a ghleic, amhail Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Foraoisí (2014), Dearbhú Amstardam dar teideal *Towards Eliminating Deforestation from Agricultural Commodity Chains with European Countries* [Ionsar Deireadh a chur leis an Dífhoraoisiú dar bunadh Slabhraí Tráchtearraí Talmhaíochta le Tíortha Eorpacha] (2015) agus *The Amstardam Declaration in Support of a Fully Sustainable Palm Oil Supply Chain by 2020* (2015) [Dearbhú Amstardam ar son Slabhra Soláthair Lán-Inbhuanaithe don Ola Phailme faoi 2020];

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE sainordú Rúnaíocht UNFF, mar a leagtar amach i Rún 2015/33 ó Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (ECOSOC) na Náisiún Aontaithe é, agus lena n-áirithítear bainistiú éifeachtach an Líonra Domhanda maidir le Maoiniú Foraoise a Éascú (GFFFN) agus cur chun feidhme a chuid gníomhaíochtaí dó;

7. Á ATHDHEARBHÚ DI an fhreagracht nach beag atá ar an Aontas gona Bhallstáit as: bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn ar bhonn domhanda, stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise, an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac, agus spreagadh a thabhairt maidir le táirgí acmhainnéifeachtacha agus fuinneamhéifeachtacha dar bunadh foraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, i gcomhréir le treoirphrionsabail Straitéis Foraoise an Aontais agus Phlean Gníomhaíochta FLEGT an Aontais (Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí);

8. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí (UNSPF) agus Á ATHDHEARBHÚ DI an gá agus an fhreagracht a ghabhann lena chur chun feidhme ar bhealach a chuireann le cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta, le comhrac an ghaineamhlaithe, agus le cur chun feidhme comhtháite Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, i bhfianaise na ngnéithe trasearnálacha a ghabhann leis sin, lena n-áirítear *inter alia* cearta an duine, an comhionannas inscne, cumhachtú ban agus ógbhan, díothú na bochtaineachta, éagothromaíochtaí a ghleic, agus gleic an athraithe aeráide gona iarmhairtí;

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn nó chun feidhme in éagmais an dea-rialachais ar gach leibhéal, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí agus institiúidí éifeachtacha cuntasacha, agus rannpháirtíocht gach mórghrúpa agus geallsealbhóra eile – lena n-áirítear *inter alia* earnáil na heolaíochta, comhlachtaí de chuid na sochaí shibhialta, agus an earnáil phríobháideach – chomh maith le comhlachtaí agus próisis réigiúnacha agus fo-réigiúnacha; mar aon le neartú na gcomhpháirtíochtaí agus na bhfóram ina mbíonn geallsealbhóirí iomadúla páirteach;

10. MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

11. MOLANN SÍ do gach ball de UNFF, do gheallsealbhóirí (lena n-áirítear an earnáil phríobháideach) agus d'institiúidí cromadh d'aon lámh ar ghníomhaíocht chomhchoiteann i ngach tír agus i ngach earnáil agus ar gach leibhéal d'fhonn an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a chosc ó tharla gur as earnálacha éagsúla a eascraíonn an méid is siocair leo, agus IARRANN SÍ go rachfaí i mbun gnímh chun réiteach a fháil ar an iomaíochas a bhaineann le talamh talmhaíochta, ar mhaithe le druidim níos gaire do chórais inbhuanaithe agus chomhtháite talamhúsáide;

12. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur deis atá sna tionscnaimh athshlánaithe foraoisdhreiche chun an dífhoraoisiú a chur ar gcúl, foraoisdhreach dhíghrádaithe a athshlánú, agus cumhdach na foraoise a chur ar ais i gcás ina gcailltear é, agus ar an gcuma sin, feabhas a chur ar an timpeallacht dhaonna agus ar sheirbhísí an éiceachórais foraoise lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do gach geallsealbhóir ábhartha tacú le tionscnaimh athshlánúcháin;

13. IS DÍOL SASAIMH DI an chéad chomhdháil idirnáisiúnta chomhpháirteach ag an gComhpháirtíocht Chomhoibríoch ar Fhoraoisí – Working Across Sectors to Halt Deforestation and Increase Forest Area-from Aspiration to Action [An Comhar Trasearnála chun an Dífhoraoisiú a chosc agus an Limistéar Foraoise a mhéadú – ó Dhréim go Gníomh] (a tionóladh sa Róimh idir an 20-22 Feabhra 2018) mar aon le torthaí na comhdhála, go háirithe an iarraidh a rinneadh go gcuirfí dlús agus dealramh go práinneach leis an ngníomhaíocht darb aidhm cosc a chur ar an dífhoraoisiú, foraoisí díghrádaithe a athshlánú, luachshlabhraí inbhuanaithe a chur chun cinn in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta, agus earnáil an airgeadais a ghlasú trí thacú le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus saor-ó-dhífhoraoisiú, agus líon na bhfóirdheontas díobhálach a laghdú. MOLANN SÍ go n-eagrófaí imeachtaí comhpháirteacha eile a mbeadh sé d'aidhm leo faisnéis a chomhroinnt agus plé a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus cláir de chuid Chomhpháirtíocht Chomhoibríoch ar Fhoraoisí a dhéanfaí le gach earnáil ábhartha agus le geallsealbhóirí, lena n-áirítear an dream óg;

14. IARRANN SÍ ar gach geallsealbhóir, ar gach leibhéal, féachaint lena shíordhícheall a dhéanamh an comhleanúnachas a fheabhsú sna gníomhaíochtaí idirnáisiúnta sin a bhaineann le ceist na bhforaoisí, agus cuidiú a thabhairt leis an ngníomhaíocht chomhchoiteann agus tionscadail chomhpháirteacha a fhorbairt agus a fhothú i measc Chomhpháirtíocht Chomhoibríoch ar Fhoraoisí;

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé go mbeadh ag UNFF rúnaíocht láidir, éifeachtach, éifeachtúil a chuirfidh a cuid cúraimí i gcrích go lán-trédhearcach, a fhónfaidh do UNFF agus a thacóidh leis i dtaca le gach a mbaineann le cláir cheathairbhliantúla an Fhóraim agus le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí (UNSPF) mar a leagtar amach i rún 2015/33 ó ECOSOC;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé go nglacfaí treoirlínte feidhmíochta lena gceadófaí don Líonra Domhanda maidir le Maoiniú Foraoise a Éascú (GFFFN) an ról tábhachtach atá aige a chomhlíonadh i dtaca le rochtain ar acmhainní a éascú do thíortha incháilithe ionas gur féidir leo Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí a chur chun feidhme agus a chuid cuspóirí agus spriocanna domhanda foraoise a bhaint amach; CUIREANN SÍ I dTREIS an breisluach a bhaineann le socruithe comhpháirteacha a fhorbairt idir Rúnaíocht UNFF agus baill CPF agus comhlachtaí ábhartha eile, agus le feabhas a chur ar an gcaoi a n-eagraítear cúraimí gaolmhara laistigh de Rúnaíocht UNFF ar mhaithe le héifeachtach agus éifeachtúlacht an Líonra Domhanda maidir le Maoiniú Foraoise a Éascú (GFFFN) a mhéadú; agus MOLANN SÍ do bhaill UNFF, agus dóibh siúd eile darb acmhainn sin, éascú a dhéanamh agus rannchuidithe deonacha á gcur á slógadh;

17. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur den riachtanas an faireachán, measúnú agus tuairisciú chun gur fearrde ár dtuiscint ar na treochtaí agus próisis reatha, chun a bhfuil a bhaint amach a léiriú, agus chun an taithí a bhaineann le cur chun feidhme Phlean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí (UNSPF) a chomhroinnt, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le táscairí domhanda a fhorbairt do cheist na bhforaoisí; IARRANN SÍ ar Rúnaíocht UNFF faisnéis a sholáthar gan mhoill maidir le feabhas a chur ar thimthriall agus ar leagan amach an tuairiscithe;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don leagan amach a bhíonn ar an tuairisciú deonach a dhéanann na Ballstáit éascú a dhéanamh ar ullmhú na gconclúidí agus ar anailís na faisnéise, agus d'fhonn ualach breise tuairiscithe agus dua-dhúbailt a sheachaint gur cheart don timthriall a thabhairt san áireamh timthriallta réigiúnacha agus idirnáisiúnta tuairisciúcháin eile a bhaineann le ceist na bhforaoisí, go háirithe timthriallta ábhartha de chuid bhaill na Comhpháirtíochta Comhoibríche ar Fhoraoisí agus timthriall athbhreithniúcháin na spriocanna forbartha inbhuanaithe;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI straitéis cumarsáide agus for-rochtana a bheith á forbairt don UNSPF, mar ionstraim lena gcothófar cumarsáid níos fearr faoin UNSPF le gach geallsealbhóir ábhartha agus lena músclófar an fheasacht agus an tacaíocht ar gach leibhéal i leith bainistiú inbhuanaitheach foraoisí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart gur doiciméad beo a bheadh sa straitéis cumarsáide agus for-rochtana chun gur féidir forbairtí, agus iad ar tí a nginte, a léiriú inti;

20. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go mbeidh an t-athbhreithniú atá le déanamh ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 15 (SDG 15) le bheith ar an gclár oibre ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe (HLPF), CUIREANN SÍ I dTREIS an deis gan diongbháil atá ansin don chomhphobal idirnáisiúnta aitheantas a thabhairt do na feidhmeanna iomadúla a bhíonn ag foraoisí i gcúrsaí forbartha inbhuanaithe agus i ngach sochaí a bhfuil teacht aniar inti, agus a thiomantas a athdhearbhú i dtaca le UNSPF, an misean sin de chuid na Náisiún Aontaithe a bhfuil an comhphobal idirnáisiúnta rannpháirteach ann, a fhéachann le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn. Deis gan diongbháil atá ann don chomhphobal idirnáisiúnta aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a thugann gach cineál foraoise, mar aon le crainn nach cuid d'fhoraois iad, do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona SDGanna, lena n-áirítear an comhar, an comhordú, an comhleanúnachas, sinirgí, agus an tiomantas polaitiúil agus an ghníomhaíocht pholaitiúil a neartú ar gach leibhéal;

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le UNFF 13, lena n-áirítear cruinniú comhchéime na n-airí, chun argóintí stuama agus moltaí a chur ar fáil don Fhóram (HLPF) ar cé mar a rannchuidíonn foraoisí gona mbainistiú inbhuanaithe le cur chun feidhme na SDGanna, go háirithe SDG 15, ar mhaithe le tacaíocht iomlán a fháil ón bhFóram maidir le UNSPF a chur chun feidhme ar fud na Náisiún Aontaithe mar chuid de chur chun feidhme comhtháite Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

22. TÁ SÍ AR AONFHOCAL faoina thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an comhar le gach comhpháirtí de chuid UNFF13 d'fhonn teacht ar aontuiscint maidir le hionchur tréan, uaillmhianach, cothrom ó UNFF san Fhóram (HLPF), ar tuiscint í ina meabhrófar agus ina gcuirfear i dtreis na hargóintí agus na moltaí a fuarthas ón Aontas gona Bhallstáit san aighneacht a chuir siad faoi bhráid Rúnaíocht UNFF maidir leis na croítheachtaireachtaí ag 2018 HLPF, lena n-áirítear tábhacht na bhforaoisí gona mbainistiú inbhuanaithe i dtaca leis na SDGanna a bheidh á n-athbhreithniú ag 2018 HLPF, mar atá:

- insíothlú báistí, bainistiú dobhardhromanna, cosaint na hithreach ar chreimeadh, umair uisce nádúrtha a chosaint, agus rannchuidiú le soláthar agus cáilíocht uisce óil a áirithiú; an teacht aniar foriomlán a mhéadú i dtaca leis an iarmhairt a bhíonn ag tuilte agus ag triomacht agus ag feiniméin mheitéareolaíochta anaimsire arb é an t-athrú aeráide is cúis leo (SDG6);
- rannchuidiú le slándáil an tsoláthair fuinnimh, leis an inbhuanaitheacht, agus le gnóthú na spriocanna a bhaineann le haeráid/fuinneamh (SDG7);

- feabhas a chur ar an timpeallacht ina mairimid, ar shláinte agus dea-bhail an duine sna cathracha, agus ar an teacht aniar atá sna háiteanna ina gcastar tuath is cathair ar a chéile, trí cháilíocht an aeir a fheabhsú, feidhm chosanta na bhforaoisí a choinneáil ar bun, falscaithe a chosc is a chomhrac, agus cur le sábháilteacht na ndaoine ar an gcaoi sin;
- úsáid chiallmhar an adhmaid mar acmhainn nádúrtha inathnuaite a chur chun cinn, an dramhaíl a íoslaghdú trí *inter alia* táirgí adhmaid a athchúrsáil, agus féachaint le geilleagar ciorclach a bhaint amach agus cleachtais neamhdhleathacha agus neamh-inbhuanaitheacha a dhíothú (SDG12).